Comhairle Contae Chiarraí
Kerry County Council

DUALGAS NA HEARNÁLA POIBLÍ MAIDIR LE COMHIONANNAS AGUS CEARTA AN DUINE A CHUR CHUN FEIDHME

LÚIL 2025

Plean Cur Chun Feidhme

Clár an Ábhair

1. Réamhrá 3

2. Céim Freagartha 5

3. Tionscnaimh Tosaíochta 7

4. Cur i bhFeidhm Leanúnach 8

5. Tuairisciú 9

Aguisín 1 - Teimpléad Feidhmithe 10

Cuspóir an phlean, polasaí, tionscadail nó straitéise 10

Meas 10

Rannpháirtíocht 10

Ionchuimsiú 11

Ceartas Sóisialta 12

1. Réamhrá

Chun teacht le **Dualgas an Earnála Phoiblí um Chomhionannas agus Cearta Daonna (an Dualgas)** ní mór d'eagrais phoiblí ceann a thabhairt den riachtanas fáil réidh le leithcheal, comhionannas deiseanna a chur chun cinn, agus cosaint a thabhairt do chearta daonna, d'fhostaithe, lucht úsáid seirbhísí, baill agus lucht tairbhe polasaithe i ngach réimse feidhme dá gcuid[1]. Agus an plean feidhme seo á chur i dtoll a chéile, tugadh ceann de na treoirlínte curtha amach ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas[2].

Ní mór d'Eagrais Phoiblí tabhairt faoi thrí chéim agus iad ag cur an Dualgas seo i bhfeidhm:

> **Céim 1 - Measúnú**: Tabhairt faoi mheasúnú ar na ceisteanna comhionannais agus cearta daonna atá ábhartha maidir leis na grúpaí aitheanta faoin Dualgas (le fócas ar leith ar fadhbanna atá ábhartha i dtaobh feidhmeanna ar leith an eagrais phoiblí sin) agus an measúnú sin a chur ar fáil go poiblí.
>
> **Céim 2 – Tabhair faoi**: Aithin agus léirigh na pleananna, polasaithe agus gníomhaíochtaí atá idir lámha nó á moladh chun freagairt do na fadhbanna aitheanta sa mheasúnú sna pleananna, polasaithe, cláir agus seirbhísí de chuid an eagrais phoiblí sin; agus
>
> **Céim 3 - Tuairiscigh**: Déan tuairisciú go bliantiúil maidir le forbairt agus gaisce timpeall ar chur i bhfeidhm an Dualgais.

Tá na grúpaí aitheanta faoin Dualgas clúdaithe faoi bhonn inscne (le cur i láthair inscne, féiniúlacht inscne agus gnéithe gnéise san áireamh), stádas sibhialta, stádas teaghlaigh (le tuismitheoirí agus cúramóirí aonair san áireamh), aois, míchumas (sainmhínithe ar shlí leathan mar gach grúpa mallachair), claonadh gnéis, cine (le hinimircigh agus iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta san áireamh), creideamh, ballraíocht den Lucht Siúil, agus stádas socheacnamaíoch (faoi riosca, nó ag fulaingt, ó bhochtanas agus eisiamh)[3]. San áireamh anseo táid sin atá suite ag an áit a mbuaileann aon dá cheann de na bhoinn seo lena chéile. Anuas air sin, clúdaíonn sé iadsan a bhfuil cearta acu faoi na hionstraim chearta daonna éagsúla ábhartha maidir le feidhmeanna an eagrais phoiblí.

1 Alt 42, Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionnanas 2014.

2 'Ag Cur Dualgas um Chomhionannas agus Cearta Daonna an Earnala Poiblí i bhfeidhm', Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2019.

3 Is iad seo an naoi bhforas a clúdaíodh faoi reachtaíocht chomhionnannais, i dteannta foras amháin eile a mhol Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ina 'Treorlínte don Dualgas, 2019' .

I measc na bhfeidhmeanna de chuid Chomhairle Contae Chiarraí tá:

- Forbairt Eacnamaíoch agus Pobail;
- Seirbhísí Tithíochta, Uisce agus Freagairt do Úcránaigh
- Bóithre, Iompar, Taisteal Cliste agus an Earnáil Poiblí;
- Pleanáil, Timpeallacht agus Bainistiú Éigeandála;
- Acmhainní Daonna;
- Airgeadas;
- Seirbhísí Corporáideacha;
- Oifig Aturnae an Chontae

Tá an measúnú curtha le chéile bunaithe ar bhonn fianaise de thaighde agus tuairiscí comhionannais agus cearta daonna reatha, idir áitiúil agus náisúnta.

Ní measúnú é ar Chomhairle Contae Chiarraí ná a gníomhaíochtaí reatha chun fáil réidh le leithcheal, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna a chosaint.

Is é atá ann ná measúnú leathan timpeallachta ar na ceisteanna comhionannais agus cearta daonna atá soiléir sa chomhthéacs ina mbíonn Comhairle Contae Chiarraí ag feidhmiú. Léiríonn sé na fadhbanna comhionannais agus cearta daonna atá ag cur as do na grúpaí aitheanta faoin Dualgas atá ábhartha maidir le hobair Chomhairle Contae Chiarraí. Tugadh faoi chun go mbeidh Comhairle Contae Chiarraí in ann an Dualgas a chur i bhfeidhm agus, ar an mbonn sin, léiríonn sé fadhbanna atá ábhartha ar shlí dhíreach d'fheidhmeanna Chomhairle Contae Chiarraí, anuas ar cheisteanna a bheadh le tabhairt san áireamh ag Comhairle Contae Chiarraí i mbun chomhlíonadh a bhfeidhmeanna.

Baineadh úsáid as an gceithre bhunluach aitheanta ag Comhairle Contae Chiarraí a ghríosann ár n-uaillmhianta do chomhionannas agus cearta daonna maidir le cur i bhfeidhm an Dualgais, agus creat á leagan amach againn don measúnú seo ar cheisteanna comhionannais agus cearta daonna. Is iad na bunluacha seo:

- Meas
- Rannpháirtíocht
- Ionchuimsiú
- Ceartas Sóisialta

An chéad chéim a atá ag eagrais phoiblí faoin Dualgas ná measúnú de na ceisteanna comhionannais agus cearta daonna aitheanta faoin Dualagas is atá ábhartha d'fheidhmeanna an eagrais a ullmhú is a fhoilsiú. Is é a bhaineann le measúnú ar cheisteanna comhionannais agus ceart daonna ná iniúchadh ar ionad, taithí agus féiniúlacht na ngrúpaí aitheanta faoin Dualgas, sa chás is go gciallaíonn na focail seo:

- **Ionad** an ghrúpa maidir lena rochtain ar acmhainní agus aon mhíbuntáiste ar leith a bhíonn ag cur as dóibh.

- **Taithí** an ghrúpa maidir le caighdeán a gcaidreamh le fostaithe agus soláthraithe seirbhísí agus leis an sochaí níos leithne.

- **Féiniúlacht** an ghrúpa maidir leis an tslí a roghnaíonn siad chun a bhféiniúlacht a chur in iúl agus na riachtanais ar leith a eascraíonn as a bhféiniúlacht.

Cuireadh Ráiteas Bunluachanna Comhionannais agus Cearta Daonna le chéile ag teacht leis na bunluachanna. Leagann an ráiteas seo síos uaillmhianta agus dúthracht na Comhairle i leith gach bunluach faoin Dualgas trí:

- ráiteas torthaí - leagann seo síos na hathruithe atáimid ag iarraidh a bhaint amach

- ráiteas próisis - leagann seo síos an tslí go bhfuil sé I gceist againn na hathruithe sin a bhaint amach.

Tá an plean feidhmithe bunaithe ar an measúnú ar cheisteanna comhionannais agus cearta daonna agus cuireann sé idir Alt 42(1) agus Alt 42(2) den Dualgas i bhfeidhm.

Tá an plean feidhmithe seo ag teacht leis na treoirlínte eisithe ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas [4]. Tá sé ann ar mhaithe a chinntiú go mbíonn Comhairle Contae Chiarraí ag comhlíonadh an Dualgais agus tugann sé éifeacht do na céimeanna atá riachtanach chun an Dualgas a chur i bhfeidhm.

Chun tacú le rannóga chun an Dualgas a chomhlíonadh, rinne an Chomhairle dearadh ar theimpléad do Mheasúnú Comhionannais agus Cearta Daonna (MCCD).

2. Céim Freagartha

Ní mór d'eagrais phoiblí, faoi Chéim Freagartha an Dualgais, freagairt do na ceisteanna aitheanta faoina measúnú ar chomhionannas agus cearta daonna maidir leis na grúpaí aitheanta, ina bpleananna, polasaithe, cláir, agus straitéisí.

An chéad chuid den Chéim Freagartha ná na pleananna, polasaithe, cláir agus gníomhaíochtaí a aithint a fheictear go bhfuilid riachtanach chun freagairt do cheisteanna

[4]Ag cur an Dualgas Comhionannais agus Cearta Daonna don Earnáil Poiblí I bhFeidhm, Treoirlínte d'Eagrais Phoiblí, Tarna Eagrán, CÉCCD, 2024.

áirithe comhionannais agus cearta daonna atá ina dtosaíochtaí ag Comhairle Contae Chiarraí de réir an mheasúnaithe.

Anuas air sin, is oibleagáid leanúnach de chuid an eagrais í an Chéim Freagartha agus, sa mhéid seo, tá sí a cur i bhfeidhm mar chuid thábhachtach d'fhorbairt agus d'athbhreithniú pleananna, polasaithe, cláir agus straitéisí sna háiteanna go bhfuilid seo aitheanta mar deiseanna tábhachtacha do chur i bhfeidhm an Dualgais. Is ionann í, mar sin, agus próiseas do mheasúnú tionchair timpeall ar chomhionannas agus cearta daonna.

Ag tús an phróisis forbartha / athbhreithnithe ar pholasaí / phlean:

- Déan athbhreithniú ar an measúnú ar cheisteanna comhionannais agus cearta daonna chun na ceisteanna atá ábhartha don bplean, polasaí nó clár ar leith a aithint. Sa chás neamhghnách mar nach bhfuiltear den tuairim go bhfuil ceisteanna den sórt seo ábhartha, ní bheidh gá le tuilleadh gníomhaíochta, agus déanfar nóta de gur rinneadh an measúnú cuí sa phlean, polasaí, clár nó straitéis sin. Níos minice, cuireann an athbhreithniú measúnú saindeartha ar fáil faoi cheisteanna comhionannais agus cearta daonna le húsáid san atbhreithniú ar an bplean, polasaí, clár nó straitéis.

- Bailigh pé sonraí agus faisnéis atá ar fáil faoi na ceisteanna comhionannais agus cearta daonna atá aitheanta a bheith ábhartha.

- Déan athbhreithniú ar an ráiteas bunluachanna comhionannais agus cearta daonna chun teacht ar na ráitis torthaí nó ráitis próisis atá ábhartha ó thaobh an phlean, polasaí, clár nó straitéis.

Agus an próiseas athbhreithnithe / forbartha nua á chur I bhfeidhm:

- Bíodh fócas ar na ceisteanna ábhartha comhionannais agus cearta daonna in aon mheasúnú nó athbhreithniú comhthéacsúil atá idir lámha mar chuid den phróiseas forbartha nó athbhreithnithe.

- Cuir na hoibleagáidí faoin Dualgas in iúl d'aon chomhairleoirí seachtracha atá faoi chonradh sa phróiseas agus cinntigh go bhfuil gach eolas ábhartha acu.

- Coimeád súil ar na ceisteanna ábhartha comhionannais agus cearta daonna chun a cinntiú go mbeifear ag freagairt dóibh mar is cuí agus ar thomhais na mbunluachanna chun a cinntiú go mbíonn meas orthu le linn an phróisis forbartha nó athbhreithnithe.

Ag céim an dréachta deireanaigh den phróisis forbartha / athbhreithnithe:

- Eagraigh cruinniú de na baill foirne chun seiceáil go bhfreagraíonn an dréacht ar bhealach leordóthanach, oiriúnach do na ceisteanna comhionannais agus cearta daonna a aithníodh a bheith ábhartha maidir leis an bplean, polasaí, clár nó straitéis sin, agus go mbíonn an dréacht ag teacht leis na ráitis ábhartha torthaí agus próisis sa ráiteas bunluachanna comhionannais agus cearta daonna.

- Tabhair faoi ceacht rannpháirtíoch, do thionscnaimh scála, laistigh den ghrúpa oibre chun Dualgas, agus, b'fhéidir, le hionadaithe ó na grúpaí aitheanta chun seiceáil go bhfuil na ceisteanna comhionannais agus cearta daonna ábhartha aitheanta ina n-iomlán agus ar bhealach oiriúnach, agus go bhfuiltear ag freagairt dóibh mar is cuí sa dréacht.

Tar éis an phróisis forbartha / athbhreithnithe:

- Bunaigh córais mhonatóireachta nó/agus bain úsáid as córais mhonatóireachta atá ann cheana féin chun súil a choimeád ar dhul chun cinn maidir le freagairt do na ceisteanna comhionannais agus cearta daonna atá aitheanta mar a bheith ábhartha.

- Déan tuairisciú bliaintúil ar an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm an Dualgais agus na gaiscí ar bhaineadh amach maidir le freagairt do cheisteanna comhionannais agus cearta daonna – Céim Tuairiscthe an Dualgais.

- Bain úsáid as an tuairisc bhliaintúil seo chun machnamh faoin dul chun cinn mar shlí chun nósanna imeachta a threisiú maidir le cur i bhfeidhm an Dualgais de réir mar a fheictear is gá, agus chun machnamh ar na gaiscí ar bhaineadh amach chun an plean, polasaí, clár nó straitéis a threisiú, de réir mar a fheictear is gá.

3. Tionscnaimh Tosaíochta

Tá roinnt gníomhaíochtaí le tabhairt fúthu mar thosaíochtaí maidir le ceisteanna comhionannais agus cearta daonna. Ina measc siúd tá:

- Cur i bhfeidhm Chéim Freagartha an Dualgais maidir le hullmhú Chlár Lóistín an Lucht Siúil.

- Cur i bhfeidhm Chéim Freagartha an Dualgais maidir le forbairt ar Cairt agus Plean Gníomhaíochta Seirbhíse Custaiméara.

- Cur i bhfeidhm Chéim Freagartha an Dualgais maidir le forbairt straitéise cumarsáide nua.

- Cur i bhfeidhm Chéim Freagartha an Dualgais maidir le forbairt straitéise nua Aois-Chomhbhách

- Cur i bhfeidhm Chéim Freagartha an Dualgais maidir le forbairt Straitéise Imeasctha Inimirceach nua.

4. Cur i bhFeidhm Leanúnach

Tá Plean Corporáideach Chomhairle Contae Chiarraí bunúsach maidir le cur i bhfeidhm leanúnach an Dualgais agus san áireamh ann tá céimeanna chun freagairt ar bhonn leanúnach do na ceisteanna comhionannais agus cearta daonna atá faoi chaibidil.

Beidh céimeanna chun dul chin cinn leanúnacha a dhéanamh maidir leis an Dualgas ina gcuid de phleananna bliantúla oibríochta na stiúrthóireachtaí.

Aithneofar deiseanna tábhachtacha chun an Chéim Freagartha a chur i bhfeidhm gach bliain, tráth a bheidh pleananna oibríochta na stiúrthóireachtaí á n-ullmhú, ag tógaint aon pholasaithe, pleananna, cláir agus straitéisí atá faoi athbhreithniú/á uasdátú i rith na bliana san áireamh.

I measc na ndeiseanna tábhachtacha – ach gan a bheith teoranta leo – beidh forbairt agus athbhreithniú ar:

- Plean Forbartha an Chontae

- An Plean Pobail Áitiúil Eacnamaíoch

- Straitéisí agus pleananna gníomhaíochta CCC, ina measc iad siúd atá sna réimsí seo a leanas: tithíocht, leabharlanna, spórt, ealaíona, aois-chomhbhá, forbairt pobail agus geilleagair áitiúil, imeascadh inimirceach, seirbhísí custaiméara, cumarsáid/meáin, srl.

- Cláir agus tionscadail de chuid CCC atá á bhforbairt nó faoi athbhreithniú.

- Polasaithe agus nósanna imeachta inmheánacha, ina measc iad siúd atá sna réimsí seo a leanas: acmhainní daonna, seirbhísí custaiméara, nósanna imeachta na Comhairle agus ordaithe seasmhacha, téarmaí tagartha do choistí, srl.

- Córais soláthair, le súil an Dualgas a chur ar aghaidh go conraitheoirí ar bhealach atá ag teacht lena scála agus a bhfeidhmeanna.

- Córais deontais nó maoinithe, le súil an Dualgas a chur ar aghaidh go tairbhithe ar bhealach atá ag teacht lena scála agus a bhfeidhmeanna.

5. Tuairisciú

Beidh an tuairisc bhliaintúil ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm an Dualgais agus ar ghaiscí ag freagairt do cheisteanna comhionannais agus cearta daonna ina cuid de Thuairisc Bhliaintúil Chomhairle Contae Chiarraí a bhíonn á tabhairt os comhair an Chomhairle le faomhadh ag cruinniú Mheithimh de chuid na Comhairle gach bliain.

Beidh teimpléad tuairiscthe á ullmhú chun tacú le cur chuige stuama maidir le rianú agus tuairisciú ar dhul chun cinn i ngach rannóg. Leagfaidh seo béim ar úsáid na PTF (príomhtháscairí feidhmíochta) atá ann cheana féin agus dí-chomhbhailiú orthu seo chun fócas a fháil ar na grúpaí aitheanta taobh le PTFanna nua ar leith do chomhionannas agus cearta daonna a thabhairt isteach de réir mar is gá. Bainfear úsáid as sonraí agus faisnéis chainníochtúla agus cáilíochtúla agus seo á dhéanamh.

Aguisín 1 - Teimpléad Feidhmithe

Cuspóir an phlean, polasaí, tionscadail nó straitéise

Meas

Baineann meas le cothroime, neamh-leathcheal, comhghlacadh agus dínit. Ciallaíonn sé a bheith ag caitheamh le daoine go cothrom agus le dínit, ag cumasú cumarsáide dhearfaí do réimse daoine éagsúla.

> **Ráiteas Torthaí:** Bíonn Comhairle Contae Chiarraí ag obair chun timpeallacht oibre a chruthú ina mbraitheann baill foirne ó na grúpaí aitheanta ar fad ar a gcompord mar chuid den bhfoireann iomlán; agus chun go mbeidh glacadh le gach éinne agus caidreamh dearfach idir na pobail éagsúla ar fad á chumasú.
>
> **Ráiteas Próisis:** Bíonn Comhairle Contae Chiarraí ag obair ar bhealach a chaitheann le húsáideoirí seirbhísí agus baill foirne ó gach grúpa aitheanta le dínit, ag aithint luach dhaonna gach duine aonair. Tá polasaithe agus nósanna imeachta ag an gComhairle atá ceaptha chun aon saghas steiréitíopála, leithcheala, ciaptha nó ciaptha gnéis a aithint agus a stopadh. Tá meas ag an gComhairle ar phríobháideachas gach duine aonair.

Ceisteanna ábhartha comhionannais agus cearta daonna	**Freagraíonn an dréacht reatha dóibh – freagraíonn, ní fhreagraíonn, freagraíonn go pointe áirithe?**	**Ailt ábhartha den dréacht a freagríonn nó a dfhéadfaidis freagairt don gceist iontu?**	**Leasuithe chun a chinntiú go mbeidh freagairt leordóthanach agus oiriúnach ar an gceist**

Rannpháirtíocht

Ciallaíann rannpháirtíocht do thuairimí a bheith á dtabhairt san áireamh, ag dul i bhfeidhm, tionchar a bheith agat, agus cur chuige comhoibritheach. Baineann sé le bheith ag éisteacht agus freagarthach, agus le bheith ag cumasú córais le daoine a thabhairt isteach sna próisis chinnteoireachta.

Ráiteas Torthaí: Bíonn Comhairle Contae Chiarraí ag reachtáil coistí, fóra agus próisis chun a chinntiú go gcloistear gutha na ngrúpaí aitheanta agus chun a dtionchar a chumasú; chun cabhair agus tacaíocht a cur ar fáil do dhaoine ó na grúpaí seo na scileanna agus acmhainní a bheith acu atá de dhíth chun a bheith rannpháirtíoch agus eagraithe ar shlí atá éifeachtach; agus chun caidrimh a chruthú leis na grúpaí aitheanta timpeall ar na bpróiseas daonlathach áitiúil.

Ráiteas Próisis: Bíonn Comhairle Contae Chiarraí ag obair ar bhealach a chruthaíonn caidreamh agus cumarsáid le pobail ó na grúpaí aitheanta ar fad; ag cur próisis comhrá leis na pobail seo chun cinn, ag glacadh le haisfhreagra ó na pobail seo, agus ag ionchuimsiú na pobail seo agus a n-ionadaithe ina struchtúir agus córais rannpháirtíocha.

Ceisteanna ábhartha comhionannais agus cearta daonna	**Freagraíonn an dréacht reatha dóibh – freagraíonn, ní fhreagraíonn, freagraíonn go pointe áirithe?**	**Ailt ábhartha den dréacht a freagríonn nó a dfhéadfaidis freagairt don gceist iontu?**	**Leasuithe chun a chinntiú go mbeidh freagairt leordóthanach agus oiriúnach ar an gceist**

Ionchuimsiú

Ciallaíonn ionchuimsiú aitheantas ar éagsúlacht agus rochtain. Baineann sé le héascú agus oiriúnú a dhéanamh ar mhaithe na riachtanas ar leith a éascraíonn as an éagsúlacht seo.

Ráiteas Torthaí: Bíonn Comhairle Contae Chiarraí ag obair chun a chinntiú go mbíonn fócas ann ar riachtanais ar leith na ngrúpaí aitheanta, agus go bhfuil oiriúnú déanta dóibh, ina cuid pleananna agus polasaithe, ag bailiú bonn fianaise ar mhaithe seo agus á chur i bhfeidhm.

Ráiteas Próisis: Bíonn Comhairle Contae Chiarraí ag obair ar bhealach a thuigeann éagsúlacht agus a leanann uaithi sin; atá oscailte maidir le freagairt d'éagsúlacht agus na riachtanais ar leith atá ag na grúpaí aitheanta; a chuireann córais ar bun chun éascú agus oiriúnú a dhéanamh ar mhaithe na héagsúlachta seo; agus a bhíonn ag obair chun rochtain a chinntiú ar a cumarsáid, seirbhísí, láithreacha oibre, agus foirgnimh do na grúpaí aitheanta.

Ceisteanna ábhartha comhionannais agus cearta daonna	Freagraíonn an dréacht reatha dóibh – freagraíonn, ní fhreagraíonn, freagraíonn go pointe áirithe?	Ailt ábhartha den dréacht a freagríonn nó a dfhéadfaidis freagairt don gceist iontu?	Leasuithe chun a chinntiú go mbeidh freagairt leordóthanach agus oiriúnach ar an gceist

Ceartas Sóisialta

Is é is brí le Ceartas Sóisialta ná comthromú a dheanamh ar acmhainní ar mhaithe torthaí cothroma a bhaint amach. Baineann sé le tús áite a a thabhairt do ghrúpaí atá leochaileach agus faoi mhíbhuntáiste.

Ráiteas Torthaí: Bíonn Comhairle Contae Chiarraí ag obair chun a chinntiú go mbíonn rochtain comhionann ar acmhainní agus chun acmhainní a spriocdhíriú ar na grúpaí aitheanta mar shlí chun míbhuntáistí a leigheas.

Ráiteas Próisis: Bíonn Comhairle Contae Chiarraí ag obair ar shlí atá réamhghníomhach ag freagairt do mhíbhuntáiste na ngrúpaí aitheanta, ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí dearfacha de réir mar is gá, agus ag bailiú is ag baint feidhm as bonn fianaise mar bhunús faisnéise dó seo.

Ceisteanna ábhartha comhionannais agus cearta daonna	Freagraíonn an dréacht reatha dóibh – freagraíonn, ní fhreagraíonn, freagraíonn go pointe áirithe?	Ailt ábhartha den dréacht a freagríonn nó a dfhéadfaidis freagairt don gceist iontu?	Leasuithe chun a chinntiú go mbeidh freagairt leordóthanach agus oiriúnach ar an gceist

Cén téacs eile ag tagairt don Dualgas ar ghá dó a bheith ina chuid den Phlean, Polasaí, Tionscadal, nó Straitéis?

Cén téacs breise ag tagairt do bhunluachanna comhionnannais agus cearta daonna de chuid CCC, agus a ráitis torthaí/próisis tosaíochta, de réir mar is ábhartha, ar cheart dó a bheith ina chuid den Phlean, Polasaí, Tionscadal, nó Straitéis?

An bhfuil na PTFanna aitheanta don bPlean, Polasaí, Tionscadal nó Straitéis leordhóthanach chun rianú agus tuairisciú faoi ghaiscí maidir le freagairt do na ceisteanna comhionannais agus cearta daonna atá aitheanta a bheith ábhartha?